

Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 35

Arm-Phinsin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, tá dualgas orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun é a iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam don mhéid caite sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2018 le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is infíochta faoi ilreachtanna le comhaltai d'Óglaigh na hÉireann agus d'eagraíochtaí míleata áirithe eile, srl., nó ina leith sin, agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostas i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus ildeontas.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoi Acht Leithreasa 2018 lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair caiteachais don bhliain.

Taifeadadh barrachas de €481,095 don bhliain.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Prionsabail agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh táirgeadh cuntas leithreasa mar atá leagtha síos ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018 curtha i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Tá an fhreagracht seo á feidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbeidís á mbrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtúlacht.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte, go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú sa soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním gur ann do thimpeallacht rialaithe a áirítear inti na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm le linn dom mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais bunaithe chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta bunaithe lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí bunaithe le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach air
- go ndéanann an fhoireann bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá formheasta agam. Tá obair na feidhme a eascraíonn as an anailís atá déanta ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus a pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, formheasta agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta bunaithe agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus tá siad seo sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a suntais. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú gach mí. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh próisis rialaithe monatóireachta agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don fhoireann bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta áit ar cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe agus go ndéantar aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais de rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an fhoireann bainistíochta sinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2018 a raibh, nó a d'fhéadfadh go mbeadh, caillteanas ábhartha, mar thoradh leo.

Maurice Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta

25 Márta 2019

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 35 Arm-Phinsin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

Vóta 35 Arm-Phinsin

Cuntas Leithreasa 2018

		2018		2017
Soláthar sna meastacháin		Toradh	Toradh	
€000		€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A Soláthar le haghaidh sochair pinsin d'Óglaigh na hÉireann				
	<i>Méid bunaidh</i>	239,133		
	<i>Méid forlíontach</i>	3,501		
			242,634	242,320
				240,022
Ollchaiteachas				
	<i>Méid bunaidh</i>	239,133		
	<i>Méid forlíontach</i>	3,501		
			242,634	242,320
				240,022
<i>Asbhaint</i>				
B Leithreasai-i-gcabhair		5,000	5,167	5,265
Glanchaiteachas				
	<i>Méid bunaidh</i>	234,133		
	<i>Méid forlíontach</i>	3,501		
			237,634	237,153
				234,757
Barrachas				
Tá barrachas an mhéid a cuireadh ar fáil sa bhreis ar an nglanmhéid faoi dhliteanas é a ghéilleadh don Stáitchiste.				
		2018	2017	
		€	€	
Barrachas le géilleadh		481,095	575,031	

Maurice Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta

25 Márta 2019

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

	2018	2017
	€000	€000
Costas chláir	242,233	239,951
Pá	70	56
Neamhphá	17	15
Ollchaiteachas	242,320	240,022
<i>Asbhaint</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	5,167	5,265
Glanchaiteachas	237,153	234,757
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,558	2,582
Glanchostas cláir	239,711	237,339

1.1. Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Áirítear sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 35 iompartha áit éigin eile i ndáil le riarachán sochair pinsin agus seirbhísí eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,144	1,258
Vóta 36 Cosaint	1,414	1,324
	<u>2,558</u>	<u>2,582</u>

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018	2017
		€000	€000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		508	572
Iarmhéideanna dochair eile		—	7
Sócmhainní reatha iomlána		508	579
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna sochair eile	2.2	29	5
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	2.3	479	574
Dlitéanais reatha iomlána		508	579
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		—	—
Ionadaithe ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.1	—	—

2.1 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2018	2017
		€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	237,634	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(481)	
Glanvóta		237,153	234,757
Caiteachas (airgead tirim) iompartha áit éigin eile	1.1	2,558	2,582
Glanchostas cláir	1	(239,711)	(237,339)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		—	—

2.2 Iarmhéideanna sochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cánacha infoctha	—	—
	—	—
Íocaíochtaí pinsin ar fionraí	29	5
	29	5

2.3 Maoiniú glan ón Státhiste atá dlite

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	481	575
Deontas Státhiste neamhtharraingthe	(2)	(1)
Maoiniú glan ón Státhiste atá dlite	479	574

Ionadaithe ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	508	572
Iarmhéideanna dochair: fionraí	—	7
	508	579

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	—	—
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(29)	(5)
	479	574

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Clár A Soláthar le haghaidh sochair pinsin d'Óglaigh na hÉireann

		2018		2017
		Soláthar sna meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		70	87
A.2	Scéimeann agus íocaíochtaí (pinsin) Óglaigh na hÉireann maidir le seirbhís aistrithe			71
	<i>Méid bunaidh</i>	229,240		
	<i>Méid forlíontach</i>	4,698		
			233,938	233,551
A.3	Pinsin, liúntais agus aiscí créachta agus míchumais le nó i ndáil le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann			230,644
	<i>Méid bunaidh</i>	9,200		
	<i>Méid forlíontach</i>	(954)		
			8,246	8,317
A.4	Íocaíochtaí le céilí iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse			8,857
	<i>Méid bunaidh</i>	300		
	<i>Méid forlíontach</i>	(33)		
			267	262
A.5	Íocaíochtaí cúitimh			335
	<i>Méid bunaidh</i>	223		
	<i>Méid forlíontach</i>	(150)		
			73	74
A.6	Fearais leighis agus costais taistil agus theagmhasacha			74
	<i>Méid bunaidh</i>	100		
	<i>Méid forlíontach</i>	(60)		
			40	29
			242,634	242,320
				240,022

Athrúcháin shuntasacha

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas €3.187 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Bhí gá le meastachán forlíontach de €4.698 milliún ar Fho-Cheannteideal A2 chun costas iomlán réamh-mheasta na sochar scoir a chlúdach – pinsin agus cnapshuimeanna scoir – a bhí i gceist i rith 2018 agus na costais aoisliúntais a bhain le líon níos mó pinsinéirí míleata. Bhí an meastachán forlíontach seo de €4.698 milliún fritháirithe i bpáirt ag coigilteas de €1.197 milliún a d'eascair as fo-Cheannteidil A3, A4, A5 agus A6, atá éileamhbhunaithe, rud a chiallaíonn go raibh an glanriachtanas cothrom le €3.501 milliún.

A.2 Scéimeanna agus focaíochtaí (pinsin) Óglaigh na hÉireann maidir le seirbhís aistrithe

Soláthar sna meastacháin: €229.24 milliún, toradh: €233.551 milliún

Tharla an méadú ar chaiteachas de €4.311 milliún maidir leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar raon fachtóirí. Mhéadaigh líon phinsinéirí scoir Óglaigh na hÉireann ó 11,970 ag deireadh 2017 go dtí 12,104 ag deireadh 2018, ag leanúint leis an treocht aníos a tugadh faoi deara sna blianta roimhe seo. Braithfidh na sochair scoir iníoctha ar an tseirbhís, céim scoir agus pá inphinsin, agus cháiligh go leor daoine a bhí díreach imithe ar scor do shochair uasta scoir. I 2018, chuaigh thart ar 75% de phearsanra míleata ar scor, le teidíocht láithreach ar phinsean agus ar chnapshuim scoir, go deonach, is é sin, roimh an aois scoir uasta. De bhrí go mbíonn éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa líon agus céim ó bhliain go bliain, níl sé éasca an líon scor éigeantaigh agus na sochair a d'fhéadfaidh a bheith iníoctha in aon bhliain ar leith a thuar.

A.3 Pinsin, liúntais agus aiscí créachta agus míchumais le nó i ndáil le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann

Soláthar sna meastacháin: €9.2 milliún, toradh: €8.317 milliún

Tá an éagsúlacht le tabhairt faoi deara mar gheall ar níos lú focaíochtaí nua pinsin míchumais agus cnapshuim pinsin mhíthreoraigh a bheith á ndéanamh i 2018. Is iad na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar chaitheamh líon agus toradh na n-iarratas nua ar phinsean míchumais. De bhrí go bhfuil sé éileamhbhunaithe, is deacair caiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo a thuar ó bhliain go bliain.

A.5 Focaíochtaí cúitimh

Soláthar sna meastacháin: €223,000, toradh: €74,000

Soláthraíonn an phríomhghné 'theagmhasach' den fho-cheannteideal seo d'focaíocht cúiteamh speisialta cnapshuime a bheith á déanamh ag an Roinn Cosanta i ndáil le básanna seirbhís-ghaolmhara nó míchumasacht comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann le linn dóibh a bheith i mbun seirbhíse thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus ar mhísín eile. Ní raibh aon focaíochtaí den chineál seo sa chatagóir seo i gceist i rith 2018.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2018		2017
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann	3,347	3,497	3,694
2	Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsin Ranníocacha Óglaigh na hÉireann	1,500	1,596	1,525
3	Athshlánú ró-íocaíochtaí	40	68	36
4	Íocaíochtaí faighte maidir le seirbhís aistrithe	40	—	8
5	Ilghnéitheach	70	4	—
6	Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí	3	2	2
Iomlán		5,000	5,167	5,265

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana	1	1

5.2 Pá

	2018	2017
	€000	€000
Pá	68	55
ÁSPC an Fhostóra	2	1
Pá iomlán	70	56

Nótaí Tabhair faoi deara: Áirítear san fhigiúr pá thuas tuarastal comhalta foirne lánaimseartha amháin na Roinne Cosanta (Féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean agus táillí íoctha le beirt chomhaltaí den Bhord i 2018 (ní bhfuair ach duine amháin a leithéid d'íocaíochtaí in 2017). Tá na costais phá seo, agus na costais taistil gaolmhara de €17,000, muirearaithe d'fho-cheannteideal A.1. I láthair na huaire, tá 22.5 fostaí (Coibhéis lánaimseartha) ón Roinn Cosanta ag díriú go hiomlán ar riaradh pinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Tá a luach saothair, atá cothrom le thart ar €900,000, muirearaithe do Vóta 36.

5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meán-íocaíochtaí le pearsanra dÓglaigh na hÉireann ar scor ^a

Catagóir an phinsinéara	Líon na bhfaighteoirí pinsin ag deireadh na bliana		Meán-íocaíocht aonair (slánaithe)	
	2018	2017	2018	2017
			€	€
Oifigigh ar scor	1,839	1,817	31,100	30,600
ONCanna agus saighdiúirí singil ar scor	8,779	8,648	16,750	16,600
Cleithiúnaithe agus eile ^b	1,865	1,905		
Iomlán	12,483	12,370		

Nóta ^a Taispeántar i dTábla 5.3 líon iomlán na ndaoine le haghaidh gach catagóir faighteoirí ó gach fo-cheannteideal laistigh de Vóta 35. Is éard atá i gceist le 95% den chaiteachas iomlán ar phinsin mhíleata sochair de chineál aoisliúntais trí phinsean agus aisce (cnapshuim) iníoctha le hiarchomhaltaí na mBuan-Óglach agus cleithiúnaithe comhaltaí atá ar shlí na fírinne. Tá pearsanra áirithe atá ar scor ag fáil pinsean míleata scoir agus pinsean míleata míchumais, agus tá íocaíochtaí cosúla iníoctha freisin le roinnt céilí/leanaí pearsanra atá ar shlí na fírinne: ní chomhairtear faighteoirí dhá phinsean ach uair amháin san fhigiúr thuas faoi líon na ndaoine. Déantar an meán-íocaíocht pinsin aonair do phearsanra ar scor a ríomh trí thagairt don chaiteachas iomlán ar phinsin scoir ag deireadh na bliana faoi Fho-cheannteideal A2.

^b Níl an mheán-íocaíocht aonair taifeadta thuas faoi 'Cleithiúnaithe agus eile' de bhrí go bhfuil éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna méideanna mar gheall ar na catagóirí difriúla faighteoirí san fhoghrúpa seo. I 2018, bhí an meánphinsean aoisliúntais cleithiúnaithe le haghaidh 1,418 faighteoir cothrom le €9,200, mórán mar an gcéanna le 2017.

5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meán-íocaíochtaí pinsin nuair a théitear ar scora^a

Catagóir an phinsinéara	Líon na bhfaighteoirí		Meán-íocaíocht aonair (slánaithe)	
	2018	2017	2018	2017
Pinsinéirí nua i rith na bliana			€	€
Oifigigh	50	69	87,000	81,500
ONCanna agus saighdiúirí singil	293	258	39,650	44,800
Iomlán	343	327		

Nóta ^a Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa leibhéal pinsin agus aisce scoir ag brath ar chéim scoir, tuilleamh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, srl.

6 Ilghnéitheach

6.1 Íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 53 ró-íocaíocht gan íoc ag deireadh na bliana (2017: 55) a bhí cothrom le €45,432, a mbaineann €24,324 de le blianta roimhe. Tháinig ró-íocaíochtaí de €56,955 chun solais i 2018, agus rinneadh €34,323 de a athshlánú agus €1,524 a dhíscríobh. Tá iarrachtaí á déanamh méideanna tá gan íoc a athshlánú. Baineann formhór na ró-íocaíochtaí seo leis an sciar den phinsean íochta sa tréimhse i ndiaidh dháta bás pinsinéara, mar go raibh an párolla míosúil próiseáilte don mhí sin.

	2018		2017
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		48,458	50,423
Ró-íocaíocht aitheanta sa bhliain		56,955	59,721
		105,413	110,144
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí aitheanta 2018	34,323		
Ró-íocaíochtaí aitheanta roimh 2018	20,875	55,198	58,483
		50,215	51,661
Díscríofa			
Ró-íocaíochtaí aitheanta 2018	1,524		
Ró-íocaíochtaí aitheanta roimh 2018	3,259	4,783	3,203
Iarmhéid deiridh		45,432	48,458

6.2 Íocaíochtaí faoi réir laghdú pinsin na Seirbhíse Poiblí

Ar leithligh ó na figiúirí ag 6.1 thuas, bhí 20 ró-íocaíocht eile gan íoc ag deireadh na bliana (2017: 9), a bhí cothrom le €52,950 (2017: €50,649). Bhain siad le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a raibh pinsin mhíleata scoir á bhfáil acu, ach a ghlac le fostaíocht ina dhiaidh sin áit éigin eile sa tseirbhís poiblí. Tá a leithéid sin de phinsin faoi réir fhorálacha laghdaithe alt 52 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile). I ngach cás, d'eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna thar cheann an fhostóra ábhartha seirbhíse poiblí fógra a chur chuig an Roinn Cosanta maidir le athfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí de €13,446 chun solais i 2018 maidir le 14 cás, agus rinneadh €8,535 de a athshlánú. As na cásanna ró-íocaíochta ar fad aitheanta, tá athshlánú curtha i gcrích i gceithre chás agus fós ar siúl maidir le 13 chás. Tá comhfhreagras ar bhonn leanúnach leis an Roinn Cosanta maidir le seacht gcás eile.

	2018		2017
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		50,649	—
Ró-íocaíochtaí aitheanta sa bhliain		13,446	72,365
		64,095	72,365
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí aitheanta 2017	2,610		
Ró-íocaíochtaí aitheanta 2018	8,535		
		11,145	21,716
Iarmhéid deiridh		52,950	50,649